

Geasa an Fhéileacáin

I mí Aibreán na bliana seo, cuireadh tús le tionscnamh nua drámaíochta don óige nuair a tháinig Seán Ó Coisdealbha ó Mhuintearas agus Trevor Ó Clochartaigh ó Na Fánaithe le chéile chun cúrsaí drámaíochta don óige a phlé. Socraíodh go ndéanfaí dráma de chuid Lorca, an file drámadóir Spáinneach agus go mbeadh triallacha do pháirteanna san dráma á n-eagrú sna Gaeltachtaí uilig.

Bhí cúpla rud tábhachtach ag teastáil fós áfach – bhí urraíocht le fáil agus bhí ionad cleachtadh ag teastáil. D'éirigh linn príomh urraíocht a fháil ó Mhuintearas, An Togra Oideachais Gaeltachta agus fuair muid tacaíocht ón tÍdarás agus ó Roinn na Gaeltachta freisin. D'éirigh linn teangmháil a dhéanamh le Eithne Nic Lochlainn agus socrú a dhéanamh léi go mbeadh

Baile Uí Chonaill ar an bhFálcarraigh in úsáid mar áis cleachtadh i gcóir an dráma, Geasa an Fhéileacáin. Ar an 29 Iúil, bhí an lánúil den dráma ar súil agus bhí Mick Lally ann mar phríomh aoí. Bhí n18 daoine óga ó na Gaeltachtaí éagsúla tagtha le chéile ag an tráth seo, roinnt acu ag plé le aisteoireacht, tuilleadh ag plé, tuilleadh ag plé le obair chúl stáitse, agus na daoine eile ag plé le poiblíocht, cultachta nó tógáil stáitse. Bhí na daoine seo anois faoi chúram Trevor Ó Clochartaigh agus cibé cúntóir eile ó Na Fánaithe a bhí roghnaithe aige.

Ar an 24 Lúnasa, cuireadh an chéad léiriú ar súil ar an bhFálcarraigh agus bhí gach a raibh ann thar a bheith tógtha leis an léiriú. Ba bhreá an rud na meascáin canúintí a chloisteáil fite ina chéile tríd an drám. Tá muid thar a bheith buíoch gur glacadh linn a bheith

páirteach i measc na himeachtaí atá ar súil le linn Pléaraca Chonamara. Tá muid buíoch do na scoileanna/cúrsaí traenála lena mbaineann na ndaoine óg, na tuismitheoirí atá acu ach thar aon dream tá muid buíoch do na daoine óga, cuid acu a d'fhág jabanna samhraidh chun páirt a ghlacadh san dráma. Scéim pólóiteach a bhí san iarracht seo agus beidh muid ar ais níos treise agus níos eagraithe an bhliain seo chugainn. Ba chóir a rá nach mbeadh aon dráma ann murach príomh urraíocht Mhuintearas. Tá muid go mór faoi chomaoín Na bhFánaithe a chuir an treoir ar fáil agus tá buíochas ag dul freisin do Roinn na Gaeltachta agus do Udarás na Gaeltachta as ucht a dtacaíocht.

*Seán Ó Coisdealbha
(Stiúrthóir)*

Comharchumann Dhúiche Sheoigheach Teo.

Corr na Móna
095-48031

Go n-éirí leis an bPléaraca

Comhgháirdeachas le Pléaraca Chonamara ó

Tigh Mheaic

Carna Teil: 095-32240



**Teach Tábhairne agus Brú
Suite ar Bhruach na Farraige
faoi bhun an tsléibhe;
tránna áille, ciúnas, síochán**